# Lámhleabhar Ginearálta

# Do

# Mhic Léinn

**i gcomhairle le**

## CONCOS

## NA COLÁISTÍ OIDEACHAIS

## AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

Eagrán 1 – Eanáir 2014

# Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

## 1. Réamhrá

1.1 Tá an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht éigeantach chun Baitsiléir san Oideachas a bhaint amach.

Caithfidh gach mac léinn múinteoireachta/réamhsheirbhíse uile in Institiúidí Ardoideachais freastal ar **dhá chúrsa coicíse – tréimhse cheithre seachtaine ar an iomlán** sa Ghaeltacht. Tá sé riachtanach go mbeadh na mic léinn i láthair ar feadh tréimhse iomlán na gcúrsaí, i.e. dhá bhloc 13 lá agus 14 oíche. Sin, 26 lá agus 28 oíche ar an iomlán. Tá tréimhsí na deireadh seachtainí san áireamh, chomh maith.

1.2 Ba chóir go mbeadh treoir chinnte ó bhéal agus i scríbhinn faighte ag na hÁbhair Oidí ó chomhordaitheoirí na Gaeilge sa Choláiste Oideachais faoi na tascanna a bheas le comhlíonadh aige/aici sa Ghaeltacht agus faoin mheastóireacht a bheas le déanamh ar na tascanna sin tar éis an turais Ghaeltachta.

1.3 Ba chóir go míneofaí an tábhacht atá leis an nGaeltacht/ bheith sa Ghaeltacht ó thaobh na Gaeilge de, is é sin, nach cúrsa Gaeilge amháin atá i gceist. Cothóidh agus láidreoidh an tréimhse seo, muinín agus misneach na n-Ábhair Oidí, i labhairt na Gaeilge.

1.4 Bíodh Aontas na Mac Léinn/na hOifigigh Ghaeilge ar an eolas faoi imeachtaí, nósanna, tábhacht agus spriocanna na gcúrsaí Gaeltachta.

1.5 Beidh na Coláistí Gaeltachta ag feidhmiú faoi threoirlínte, dea-chleachtais agus rialacha na Roinne Gaeltachta sa ghnó seo.

1.6 Beidh na Coláistí Gaeltachta ag oibriú agus ag leanúint an tsiollabais atá deartha agus ullmhaithe mar chomhpháirtí, ag na Coláistí Oideachais.

1.7 Is féidir cóip den tsiollabas seo a fháil ar shuíomh idirlín: www.treimhsefoghlamasaghaeltacht.com

## 2 An Ghaeilge

2.1 Tá an tIonad/Coláiste lonnaithe i gcroílár na Gaeltachta. Is é polasaí an Ionaid gurb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide taobh istigh agus taobh amuigh den rang an t-am ar fad. Iarrtar ar na mic léinn ról lárnach a imirt i bpolasaí iompar teanga an Choláiste a chomhlíonadh tríd na nithe seo a leanas a dhéanamh:

2.1.1 Gaeilge a labhairt an t-am ar fad agus na mic léinn san Ionad/Coláiste: ag na léachtaí, sa leabharlann, sna ríomhlanna, ag obair ar thionscadail, sa bhialann, le linn am staidéir, ag cluichí/caitheamh aimsire, srl.

2.1.2 Gaeilge a labhairt agus an mac léinn ag dul i mbun a chuid gnóthaí sa cheantar, sna siopaí, sna tithe ósta, sna bialanna agus araile.

2.1.3 Gaeilge a labhairt sa bhaile nó i dtithe lóistín/Mná Tí.

2.1.4 Gaeilge a labhairt agus na mic léinn ar an mbealach chuig an Ionad/Coláiste agus abhaile arís.

2.1.5 Tacaíocht, cúnamh agus spreagadh a thabhairt do mhic léinn eile atá ag foghlaim na teanga.

2.1.6 Cúnamh a lorg ó mhic léinn eile agus/nó ón bhfoireann/nó ó mhuintir an tí leis an teanga a shealbhú.

2.1.7 Úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide a chraolann cláir Ghaeilge agus as na nuachtáin Ghaeilge le cur lena chuid gcumas Gaeilge.

2.1.8 Iarrtar ar na micléinn Gaeilge a labhairt i gcónaí agus iad ag taisteal i mbus an Ionaid/Choláiste.

## 3 Clárú na n-Ábhar Oidí ...

3.1 Beidh clárú le déanamh ag gach mac léinn le Coláiste Gaeltachta roimh an spriocdháta an 1 Nollaig. Beidh laethanta earcaíochta eagraithe ag na Coláistí Gaeltachta leis na hInstitiúidí Ardoideachais uilig roimh lár mhí na Samhna. Beidh lá earcaíochta i ngach Coláiste Oideachais agus beidh na Coláistí Gaeltachta a bheas ag tairiscint cúrsaí don tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht i láthair. Tabharfaidh sé seo deis do na mic léinn labhairt, eolas agus freagraí a fháil ar cheisteanna ó gach Coláiste Gaeltachta. Beidh cinneadh feasach agus clárú le déanamh roimh an spriocdháta clárúcháin - 1 Nollaig gach aon bhliain. Beidh éarlais le n-íoc ag am an chlárúcháin, beidh luach na héarlaise ag brath ar cén Coláiste Gaeltachta a phioctar.

## 4 Fad an Chúrsa ....

4.1 Tá dhá chúrsa coicíse le cur i gcrích ag gach macléinn – tréimhse cheithre seachtaine ar an iomlán sa Ghaeltacht. Caithfear cúrsa coicíse amháin a dhéanamh sa chéad bhliain agus an dara cúrsa a dhéanamh sa dara nó tríú bhliain sa Choláiste Oideachais. Tá sé riachtanach go mbeadh na mic léinn i láthair do thréimhse iomlán na gcúrsaí, i.e. **dhá bhloc 13 lá agus 14 oíche**. Is é sin 26 lá agus 28 oíche ar an iomlán.

4.2 Ba chóir go mbeadh na mic léinn **sa Ghaeltacht i gcaitheamh an ama ar fad.**

## 5 Asláithreacht …

5.1 I gcás práinne, i.e., sochraid, tinneas nó a leithéid, déanfaidh an Coláiste Gaeltachta i gcomhairle leis an gColáiste Oideachais cinneadh ar cé mhéad laethanta asláithreachta a cheadaítear, ach, breithneofar ar gach cás práinne ina aonar.

5.2 Má tá mac léinn ag lorg lá/laethanta saoire (bainis nó ócáid phearsanta) i rith a dtréimhse foghlama Ghaeltachta, caithfidh siad cead a bheith acu i scríbhinn (cruachóip de ríomhphost nó litir)roimh ré ón gColáiste Oideachais. Caithfear iarratas scríofa a dhéanamh agus é a sheoladh chuig comhordaitheoir na Gaeilge sa Choláiste Oideachais roimh thús an chúrsa Gaeltachta. Déanfaidh an comhordaitheoir cinneadh faoi na hiarratais seo agus cuirfidh sé/sí an Coláiste Gaeltachta ar an eolas faoi na mic léinn a bheas as láthair/údar na hasláithreachta agus líon na laethanta a mbeas siad as láthair. Beidh ar na mic léinn cead a lorg mar seo, le linn an chúrsa dá dtarlódh aon cheo nach raibh súil leis i rith na tréimhsí Ghaeltachta.

5.3 Beidh taifead cruinn á thabhairt do na Coláiste Oideachais ar thinreamh na nÁbhar Oidí. Mura gcomhlíonfar na rialacha tinrimh nó gné(ithe) eile den chúrsa Gaeltachta go sásúil, is faoin gColáiste Oideachais a mbaineann an mac léinn a bheas an cinneadh maidir leis an gcúiteamh a bheas le déanamh ag an mac léinn sin.

# Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

## 6 Clár ama agus struchtúr na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht

**6.1** Tá 35 uair de ghníomhaíochtaí foghlama gach seachtain

### Seisiúin na Maidine:

- Ranganna Foirmiúla -3.5 uair an chloig x 6 lá

  (Luan go Satharn) = 21 uair an chloig

**An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht**

- **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga**
- **Gaeilge na Gaeltachta**
- **An Ghaeilge ar líne**
- **An Ceantar**
- **An Ghné Chruthaitheach**
- **Tasc 1: Agallamh agus cur i láthair**

**An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht**

- **Mé Féin mar Fhoghlaimeoir Teanga**
- **Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta**
- **Na Meáin**
- **An Ceantar**
- **An Ghné Chruthaitheach**
- **Tasc 1: Díospóireacht**

### Seisiúin an Tráthnóna:

# Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

- Acmhainní Cruthaitheacha do Mhúineadh na Gaeilge agus do Mhúineadh trí mheán na Gaeilge

- **Ealaín do mhórócáidí na bliana agus do mhórócáidí i saol an duine/gnéithe d'Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta Cluichí, damhsaí, agus corpoideachas trí Ghaeilge**
- **Ealaín bhéil na Gaeltachta (agallaimh, sceitsí, drámaí agus amhráin)**
- **An Fillteán Foghlama Tasc 2 (Tasc difriúil do gach tréimhse)**

## Seisiúin na hoíche:

- **Beidh imeachtaí difriúla á n- eagrú ag na Coláistí Gaeilge do na mic léinn.Ina measc, beidh seisiúin cheoil agus amhránaíochta, léamha filíochta, cluichí boird, tráth na gceist, taispeántais damhsaí agus eile.**

**Tá siollabais na tréimhsí foghlama sa Ghaeltacht le fáil ar suíomh idirlín:**

**www.treimhsefoghlamasaghaeltacht.com nó www.concos.ie.**

## 7 Cad is ceart dóibh a thabhairt leo chun na Gaeltachta

7.1 Ríomhairí, uirlisí ceoil, éadaí spóirt, tuáillí, cóta báistí, bróga compordacha, leabhair nótaí, fillteán, ...

## 8 Lóistín

8.1 Beidh na micléinn a thagann chuig na Gaeltachtaí ag fanacht le teaghlaigh atá cláraithe leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar Bhean an Tí/Fear an Tí.

8.2 Tá aitheantas faighte ag na teaghlaigh seo trí chigireachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus trí chigireacht Innealtóirí neamhspléacha.

8.3 Cuirfidh Bean an Tí/Fear an Tí trí bhéile folláine ar fáil gach lá.

8.4 Tá Bean an Tí/Fear an Tí agus a chlann ar fáil chun chuile cúnamh a thabhairt do mhicléinn agus cuireann siad mile fáilte roimh na micléinn a thagann chucu. Iarrtar ar gach macléinn rialacha an tí a chomhlíonadh.

8.5 Iarrtar ar gach mac léinn meas a thaispeáint don teaghlach agus don teach i gcónaí.

8.6 Iarrtar ar gach mac léinn socrú a dhéanamh agus insint do Bhean an Tí/Fear an Tí má tá aon mhacléinn le bheith amuigh thar uaireanta an choláiste.

8.7 Níl cead alcól nó aon substaint mí-dheathacha de chineál ar bith a thabhairt go dtí an teach lóistín/Coláiste.

## 9 Táillí ....

9.1 Tá éarlais le n-íoc leis an gColáiste Gaeltachta nuair a chuirtear áit in áirithe. Beidh fuílleach na táillí le n-íoc roimh thús an chúrsa agus de réir an sprioc-dháta atá leagtha síos ag an gColáiste Gaeltachta.

9.2 Tabharfaidh an Coláiste Gaeltachta gach tacaíocht do mhic léinn na táillí a íoc, mar shampla, thar thréimhse ama nó ar bhealach éigin eile. Déan teagmháil leis an gColáiste Gaeltachta atá roghnaithe agat.

9.3 Ba chóir do mhic léinn atá i dteideal deontais, iarratas a dhéanamh ar SUSI chun cúnamh airgid a fháil chun páirt-íocaíocht a dhéanamh ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht.

## 10 Polasaithe agus Nósanna Imeachta

10.1 Tá polasaithe ag gach Coláiste Gaeltachta maidir le ….

10.1.2 Gaeilge, Iompar, Frith-bhulaíocht, Smacht, Ginearálta agus eile

10.2 Béim ar leith ar Ghaeilge a labhairt i rith na coicíse.

10.3 A bheith cabhrach le bean an tí agus gan a bheith trioblóideach ar shlí ar bith sa teach. <u>Gan alcól de chineál ar bith a thabhairt go dtí an teach lóistín/Coláiste</u>.

10.4 Cosc glan ar nithe a chuirfeadh mearbhall ar mheon nó ar intinn an mhic léinn.

10.5 A bheith béasach, tuisceanach, comhoibritheach leis na páirtithe go léir - le comhscoláirí, mná tí, múinteoirí, údarás an choláiste, an pobal áitiúil agus Cigirí na Roinne Oideachais & Eolaíochta chomh maith leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta agus aon chigire eile.

10.6 Freastal go fonnmhar ar imeachtaí uile an Chúrsa.

10.7 Críochnaítear clár-ama oifigiúil na gColáistí Samhraidh ag 10in.

10.8 Má sháraítear na Rialacha go tromchúiseach beidh sé de cheart ag an gColáiste Gaeltachta mac léinn a dhíbirt as an gColáiste.

## 11 Tacaíocht

11.1 Beidh cáipéis/pacáiste eolais le fáil ag tús an chúrsa i ngach Coláiste

-Polasaithe agus Rialacha an Choláiste

-bileog eolais, sonraí teagmhála an Choláiste agus seirbhísí an Choláiste, --

-seirbhísí áitiúla, dochtúir, gardaí, oifig an phoist, banc, &rl…

11.2 Iarrtar cead ar na mic léinn eolas a lorg ó na Coláistí oiliúna roimh ré chun caighdeán agus cumas labhartha na teanga atá acu a mheas. Má tá deacrachtaí ag mac léann ba chóir teagmháil a dhéanamh le h-údarás an Choláiste láithreach.

## 12 Faoi bhun 18

12.1 Síniú an tuismitheora/caomhnóra ag teastáil, chomh maith le síniú an mhicléinn ag deimhniú go bhfuil siad sásta glacadh le rialacha agus polasaithe an Choláiste Gaeltachta.

12.1.2 Go bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir sásta cead a thabhairt do mhacléinn freastal ar an gcúrsa – litir ó thuismitheoir/caomhnóir

12.1.3 Go dtuigeann an tuismitheoir go bhfuil an Coláiste freagrach as imeachtaí an Choláiste amháin. Críochnaíonn imeachtaí an Choláiste ag 10.00 a chloig san oíche.

12.1.4 Agallamh le tuismitheoirí/caomhnóirí ag tús an chúrsa más amhlaidh go bhfuil aon cheisteanna acu.

12.1.5 Sonraí teagmhála an tuismitheora/na gcaomhnóirí ar fad i gcás práinne.

12.1.6 Béim ar leith ar chód iompair/rialacha maidir le hiompar i gcoitinne

12.1.7 Beidh treoracha leagtha síos do mhic léinn nach mbeidh 18 mbliana déag ag tús an chúrsa.

## 13 Eile

13.1 Beidh Siollabas comónta le leanúint ag gach Coláiste Gaeltachta. Beidh difríochtaí éagsula idir Coláistí áfach, agus beidh a charachtar féin ag gach Coláiste chun na spriocanna seo a bhaint amach.

## 14 Dearbhú ag an mac léinn

14.1 Dearbhaítear go bhfuil lámhleabhar an chúrsa léite agus tuigthe.

14.2 Dearbhaítear chomh maith go bhfuil suntas tugtha do pholasaithe an chúrsa agus go dtuigtear an fhreagracht atá ar an mac léinn comhoibriú le mic léinn eile, le teagascóirí agus le riarthóirí an chúrsa chun na polasaithe agus na cleachtais a bhaineann leis an gcúrsa a chur i bhfeidhm go háirithe na polasaithe seo a leanas:

14.2.2 An polasaí Gaeilge

14.2.3 An polasaí tinrimh

14.2.4 An cód iompair

14.3 Dearbhaítear na nithe seo nuair a shínítear Foirm Iarratais an Choláiste.

# General Manual

# For

# Students

## in consultation with

## CONCOS

## COLLEGES OF EDUCATION

## THE TEACHING COUNCIL

## Issue 1 – 2013

# Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

## 1. Introduction

1.1 The Learning Period in the Gaeltacht is mandatory in order to achieve a Bachelor of Education.

All student teachers/pre-service students in Institutions of Higher Education must attend two courses for a fortnight – a period of four weeks in total is spent in the Gaeltacht. It is essential that students be present for the entire duration of the courses, i.e. two blocks of 13 days and 14 nights. That is 26 days and 28 nights in total. Weekend periods are included as well.

1.2 Student teachers should have received proper oral and written guidance from the Irish coordinators in the College of Education in relation to the tasks to be performed by him / her in the Gaeltacht and the evaluation to be carried out on these tasks following his/her visits to the Gaeltacht.

1.3 The importance of the Irish language / of being in the Gaeltacht should be explained in the context of the Irish language, that it is not merely an Irish language course. This period will foster and strengthen the Students Teachers' confidence in speaking Irish.

1.4 The Students' Union/Irish language Officers should be aware of events, customs, and the importance and targets of the Gaeltacht courses.

1.5 The Gaeltacht courses will serve under the guidelines, best practices and rules of the Department of the Gaeltacht.

1.6 The Gaeltacht course will work and follow the syllabus designed and prepared as a partner, at the Colleges of Education.

1.7 A copy of this syllabus can be found on the following website: www.treimhsefoghlamasaghaeltacht.com

## 2 The Irish Language

# Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

2.1 The Centre/College is located in the heart of the Gaeltacht. It is the policy of the Centre that Irish is the language of communication both inside and outside the class at all times. Students are asked to play a central role in observing the language behaviour policy of the College as follows:

2.1.1 The Irish language must be spoken by students at all times in the Centre/College: at lectures, in the library, computer labs, working on projects, in the restaurant, during study time, games/recreation, etc.

2.1.2 The Irish Language must be spoken by students undertaking in activities in the area, in the shops, pubs, restaurants and so on.

2.1.3 The Irish Language must be spoken by students at home or in the accommodation/with Mná Tí.

2.1.4 The Irish Language must be spoken by students as students make their way to and from the Centre/College.

2.1.5 Support, help and encourage other students who are learning the language.

2.1.6 Seek help from other students and/or staff/family to acquire the language.

2.1.7 Using media which broadcast Irish language programmes and Irish newspapers to enhance their ability in Irish.

2.1.8 The students are asked to speak Irish at all times while travelling on the College bus.

## 3 Registration of Student Teachers

3.1 All students must register with a Gaeltacht College before the 1st December deadline. Recruitment days will be organised by the Gaeltacht Colleges along with all

the Higher Education Institutions before mid-November. A recruitment day will be held in all Colleges of Education and all Gaeltacht Colleges offering courses for the Gaeltacht Learning Course shall attend. This will allow the students to talk, and get information and answers to questions from all Gaeltacht Colleges. An informed decision and registration shall be carried out before the registration deadline - 1st December each year. A deposit shall be paid at registration, the value of which will depend on which Gaeltacht College is selected.

## 4 Duration of the Course ….

4.1 All students must attend two courses for a fortnight – a period of four weeks in total is spent in the Gaeltacht. A two-week course must be taken during the first year and the second course must be completed in the second or third year in the College of Education. It is essential that students be present for the entire duration of the courses, i.e. two blocks of 13 days and 14 nights. That is 26 days and 28 nights in total.

4.2 Students should remain in the Gaeltacht at all times.

## 5 Absenteeism .

5.1 In an emergency, i.e., a funeral, illness or such, the Gaeltacht College in consultation with the College of Education will decide on how many days of absence is permitted, but, each case will be considered on an individual basis.

5.2 If students are looking for a day off/holidays (a wedding or personal occasion) during their period of learning in the Gaeltacht, they must have advance permission in writing (hard copy of an email or letter) from the College of Education. Written applications must be made and sent to the Irish language coordinator in the College of

Education prior to the commencement of the Gaeltacht course. The coordinator shall make a decision in relation to these applications and shall let the Gaeltacht College know which students are absent/the reason they are absent and the number of days they are going to be absent. The students must seek such permission, during the course, in the event of anything unforeseen occurring during their period in the Gaeltacht.

5.3 The College of Education will be given an accurate record of the Student Teachers' attendance. In case of failure to comply satisfactorily with the rules of attendance or other features of the Gaeltacht course, the relevant College of Education attended by the student shall decide how that student will compensate for that failure.

# 6 Timetable and structure of the Learning Period in the Gaeltacht

6.1 There are 35 hours of learning activities each week

## Morning Sessions:

☐ Formal Classes -3.5 hours x 6 days

(Monday to Saturday) = 21 hours

## First Period of Learning in the Gaeltacht

- Myself as a Learner of the Irish language
- Language in the Gaeltacht
- The Irish Language online
- The Area
- The Creative Element

- Task 1: Interview and presentation

## The Second Period of Learning in the Gaeltacht

- Myself as a Learner of the Irish
- Language and the Culture of the Gaeltacht
- The Media
- The Area
- The Creative Element
- Task 1: Debate

### Afternoon sessions:

- Creative Resources for the Teaching of Irish and Irish-medium Teaching
- Art for major events of the year and for major events in the life of a person/elements of Social, Environmental and Scientific Education

  Games, dance, and physical education through Irish
- Gaeltacht verbal arts (interviews, sketches, plays and songs)
- Learner's Folder Task 2 (Different task for each period)

### Night sessions:

- Different events will be organised by the Irish Colleges for students including music and singing sessions, poetry readings, board games, quizzes, dances and other activities.

The syllabus relating to the learning period in the Gaeltacht is available at:

www.treimhsefoghlamasaghaeltacht.com or www.concos.ie.

# 7 What they should bring with them to the Gaeltacht

7.1 Computers, musical instruments, sports clothing, towels, raincoats, comfortable shoes, notebooks, folder, ...

# 8 Accommodation

8.1 The students who come to the Gaeltacht will stay with families who are registered with the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht as Bean an Tí/Fear an Tí.

8.2 These families have received recognition by an inspection carried out by the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht and by independent engineers.

8.3 Bean an Tí/Fear an Tí shall provide three healthy meals daily.

8.4 Bean an Tí/Fear an Tí and their family welcome the students into their home and will be available to assist each of the students. All students are asked to comply with the house rules.

8.5 All students are asked to respect the family and their home at all times.

8.6 All students are asked to make arrangements and let Bean an Tí/Fear an Tí know if any of the students are going to be out outside of college hours.

8.7 No alcohol or any illegal substances of any kind are permitted into the students' house/College.

## 9 Fees

9.1 A deposit is payable to the Gaeltacht College when booking. The balance of the fee to be paid prior to the course and in accordance with the deadline set by the Gaeltacht College.

9.2 The Gaeltacht College will help students to set up a payment plan, for example, over a period of time or otherwise. Contact the Gaeltacht College you have chosen.

9.3 Students who are entitled to a grant should apply to SUSI to receive financial assistance to pay part of the Learning Period in the Gaeltacht.

# 10 Policies and Procedures

10.1 Each Gaeltacht College have policies in place in relation to....

10.1.2 The Irish language, Transport, Anti-bullying, Discipline, General and other

10.2 Particular emphasis is placed on speaking Irish during the two weeks.

10.3 Helping bean an tí and not being disruptive in any way in the house. No alcohol of any kind is permitted into the students' house/College.

10.4 Complete prohibition on anything which could cause confusion or disorientate the students.

10.5 Be polite, considerate, cooperative with all parties - your classmates, Bean an Tí and their families, teachers, college authorities, the local community and Inspectors of the Department of Education and Science as well as the Department of Arts, Heritage & Gaeltacht and any other inspectors.

10.6 Actively attend all College events.

10.7 The official timetable of the Summer Colleges ends at 10pm.

10.8 If a serious breach of the rules occur the Gaeltacht College has the right to expel a student.

## 11 Support

11.1 An information document/pack shall be provided at the beginning of the course in each College

-Policies and Rules of the College

-Information sheet, College contact details and College services, local services, doctor, Gardaí, post office, bank etc....

11.1.2 Students are asked to seek information from the training colleges in advance of the course to assess their standard and ability to speak the language. If students are experiencing difficulties contact should be made immediately with the College authorities.

## 12 Under 18

12.1 Signature of parent / guardian is required, along with the signature of the student confirming that they are willing to accept the rules and policies of the Gaeltacht College.

12.1.2 That the parent / guardian is willing to allow the student to attend the course - a letter from a parent / guardian is required.

12.1.3 That the parent understands that the College is responsible for the College's activities only. College events finish at 10.00 o'clock at night.

12.1.4 Interview with parents / guardians at the beginning of the course if they have any questions that need to be answered.

12.1.5 Complete contact details of the parent / guardians in case of an emergency.

12.1.6 Emphasis on a code of conduct / rules for general conduct

12.1.7 Instructions will be set for students who are under 18 years old at the beginning of the course.

## 13 Other

13.1 Each College of Education will complete a common Syllabus. There will however be various differences between Colleges and each College will deal individually with their own targets.

## 14 Declaration by the student

14.1 I declare that the course manual has been read and understood.

14.2 I also declare that the course policies have been highlighted and recognises the responsibility of the student to cooperate with other students, instructors and administrators of the course to implement the policies and practices associated with the course, in particular the following policies:

14.2.2 The Irish Language policy

14.2.3 The attendance policy

14.2.4 The code of conduct

14.3 Signing the College Application Form denotes acceptance of the above.